An Lárionad um Fhorbairt
agus Oideachas na Luath-Óige

Measúnú Foghlama i Leanaí Óga

Coimriú ar obair idir lámha

Le Mary Irving

Cad chuige an Measúnú?

Tá roinnt feidhmeanna éagsúla le measúnú leanaí óga, ina measc:

- Tacú leis an bhfoghlaim
- Riachtanais speisialta a aithint
- Cláir a mheas
- Freagracht a bheith ag scoileanna

Is é an chéad ceann díobh siúd, tacú leis an bhfoghlaim, an ceann is tábhachtaí (An Chomhairle Náisiúnta Taighde 2001). Maíonn Hall (1997) gur gá an gaol seo idir an fhoghlaim agus an measúnú a léiriú. Léiríonn Shepard et al (1998) an gaol mar seo: "tá ceangal dodheighilte idir an múineadh agus an measúnú".

Tá roinnt impleachtaí gaolmhara ag gabháil leis an an gcomhnascadh seo idir an measúnú agus an teagasc. Pléifear na himpleachtaí seo faoin gceannteideal Conas Measúnú a Dhéanamh?

Tá roinnt impleachtaí ag gabháil leis an an gcomhnascadh seo idir an measúnú agus an teagasc ó thaobh an mheasúnaithe de chomh maith. Tharlódh gur fearr mar mhodh chun cur leis an bhfoghlaim é, ós rud é gurb é seo cuspóir lárnach an mhúinteoireachta.

Cé Ba Cheart a Mheasúnú?

Tá fúm sampla a thógáil de Naíonáin Sóisearacha agus Sinsearacha atá ag freastal ar scoileanna príomhsrutha, agus an fócas ar leanaí atá ag freastal ar scoileanna ainmnithe faoi mhí-bhuntáiste.

Cén Chaoi Ba Cheart Leanaí Óga a Mheasúnú?

Tá sé ráite ag Kirk et al (1975) go bhfuil leanaí óga "notoriously difficult to test, particularly when standardised procedures are used".

Ba cheart aird a thabhairt ar dhá phointe ach go háirithe:

- Is é feidhmiú i dtascanna cognaíocha de leibhéal íseal a thomhastar de ghnáth i dtrialacha den sórt sin
- Cuirtear trialacha caighdeánta sa tslí chéanna ar gach uile leanbh.

Tá gaol idir an dá phointe seo. Sa chéad dul síos, ní gá gur maith an táscaire dá mbuneolas é feidhmiú leanaí. Sa dara dul síos, is féidir go mbíonn leibhéil éagsúla inspreagaidh ag leanaí as cúlraí éagsúla, agus iad ag dul faoin triail chéanna. Is féidir gurb é an fachtóir aifeachtach seo, an t-inspreagadh, is cúis le trialacha caighdeánta gan a bheith i gcónaí ina dtreoir do bhunstraitéisí agus coincheapa cognaíochta.

Tá fianaise ann go mb'fhéidir go bhfuil réimse fachtóirí eile a thógfadh ó iontaofacht trialacha ar leanaí óga.

- Thástáil Mc Garrigle agus Donaldson (1974) leanaí réamh-scoile le leaganacha de thascanna Piaget a bhí intuigthe ón taobh sóisialta de. Nuair a tástáileadh leis na leaganacha "human sense" seo iad, léirigh leanaí réamh-scoile cumais maidir le caomhnú, tógáil peirspictíochta agus cuimsiú– cumais nár bhraith tascanna feidhmithe Phiaget.

- Rinne Carraher et al (1985) taighde ar chumas matamaiticeach mangairí sráide óga sa Bhreasail. Ar na sráideanna, léirigh na leanaí seo leibhéal ard chumais (98% ceart) i bhfadhbanna matamaitice béil. Sa seomra ranga, áfach, d'ísligh a bhfeidhmiú go 74% ceart i bhfadhbanna scéil agus 37% ceart i bhfadhbanna uimhreach.

- Níos déanaí, thástáil Jordan et al (1992) leanaí de shraitheanna socheacnamaíocha (SS) ísle agus meánacha i bhfadhbanna matamaitice. D'fheidhmigh leanaí as na grúpaí SS sin araon mar an gcéanna nuair a cuireadh na fadhbanna ina láthair i bhformáid neamh-bhriathartha. Tháinig difríochtaí chun cinn áfach nuair a cuireadh na fadhbanna ina láthair go briathartha – léirigh leanaí as grúpaí níos ísle SS níos mó deacrachta leis an bhformáid seo.

- Is iad torthaí taighde Littleton et al (1992) is suimiúla ar fad, b'fhéidir. Is éard a bhí anseo ná dhá leagan (briathartha) de eachtra réiteach-faidhbe ríomhaire. Sa leagan Rí agus Corónach bhí tiománaí, píolóta agus captaen ar thóir choróin an rí. Sa leagan Phicnic an Teidí bhí 3 bheithir ar thóir phota meala. Cé go bhfuil na gnéithe uachtaracha difriúil, is ionann an straitéis réitigh sa dá thasc. Bhí feidhmiú na mbuachaillí mar an gcéanna sa dá leagan den tasc. I gcontrárthacht leis sin, tháinig feabhas drámatúil ar fheidhmiú na gcailíní nuair a tástáileadh ar an leagan Phicnic iad.

Is leid iad na torthaí seo de chuid McGarrigle agus Donaldson (1974), Carraher et al (1985), Jordan et al (1992) agus Littleton et al (1992) go mb'fhéidir go mbíonn tionchar ag comhthéacs, formáid agus gnéithe uachtaracha ar an inspreagadh (fachtóir aifeachtach), agus dá bhrí sin ar fheidhmiú i dtriail chognaíoch.

Má tá an feidhmiú neamh-iontaofa mar thráscaire eolais, is féidir gurb é an t-eolas fhéin ba cheart a bheith mar fhócas ag an measúnú, i.e. straitéisí agus coincheapa. Taobh amuigh de sheachaint botún an tástála traidisiúnta, tá fáthanna dearfacha ann le díriú ar straitéisí agus coincheapa.

Is féidir úsáid a bhaint as aithint na straitéisí agus na gcoincheapa atá tar éis a n-úsáid chun feidhmiú reatha (neamhspleách) linbh a mheasúnú. Is féidir le measúnú den sórt seo a léiriú:

- Cén leibhéal feidhmithe is acmhainn don leanbh, agus
- Cén idirghabháil is gá chun an leibhéal feidhmithe sin a bhaint amach

An coincheap sin den mheasúnú, tugann sé le cuimhne an comhnascadh idir an measúnú agus an teagasc a luadh cheana.

Impleacht eile den phróiseas measúnaithe seo is ea coincheap an timthrialla taighde. Gineann measúnú tosaigh hipitéis maidir le feidhmiú reatha an linbh. Tugann hipitéis den sórt sin leid maidir le hidirghabháil (teagasc) sa réimse is foisce i bhforbairt an linbh. Tar éis na hidirghabhála sin, tá gá le tuilleadh measúnaithe.

Tá fócas ar bith ar straitéisí agus coincheapa neamh-iomlán muna mbíonn páirt ag an leanbh fhéin sa phróiseas. Tugtar meiteachognaíocht ar fheasacht den sórt sin den smaoineamh agus dá bhfeidhmeanna, agus tá baint aige leis an scéal ós rud é go bhfuil an fhianaise ann go mbíonn tionchar aige ar an bhfeidhmiú scoile Pappas, Ginsburg agus Jiang (2003).

Is féidir meiteachognaíocht a mheasúnú le hagallamh cliniciúil, ina ndéanann an múinteoir tástáil agus breathnú agus ina iarann sí ar an leanbh na céimeanna ina réiteach faidhbe fhéin a chur in iúl. Ta an t-agallamh cliniciúil oiriúnach do mheasúnú den chineál Vygotskach ach go háirithe.

Céard Ba Cheart a Mheasúnú?

Is cosúil gur idir réimse na Matamaitice agus réimse na Teanga/Léitheoireachta atá an rogha.

Tá fócas ar an matamaitic úsáideach de bharr na gcúiseanna seo leanas:

- Bíonn comhchuid dosheachanta teanga i measúnú na meiteachognaíochta sa mhatamaitic: cur in iúl na straitéisí. Dá bhrí sin, is féidir an dá réimse a mheasúnú agus an fócas a choinneáil ar an smaoineamh matamaiticeach ag an am céanna.

- Comhchodanna na meiteachognaíochta – solúbthacht, aithint na mbotún, agus feasacht agus cur in iúl straitéisí - tá siad níos comhoiriúnaí le hoibriú sa mhatamaitic ná mar atá siad le teanga nó léitheoireacht.

- Deireann Ginsburg agus Pappas (2004) go léiríonn leanaí as cúlraí SS difriúla leibhéil fhíor-chosúla buneolais, sé sin straitéisí agus coincheapa, bíodh is go bhfuil difríocht ina bhfeidhmiú matamaiticeach.

- An comhnascadh idir an measúnú agus an teagasc a luadh cheana, tugann sé le fios go mb'fhéidir go mba cheart clár teagaisc mhatamaitice a chur ar fáil do leanaí óga, a chuireann san áireamh taighde sa réimse seo. Clár den sórt sin is ea "Big Math for Little Kids" atá ina "joyful mathematics program", a deirtear. Tá an-ghealladh faoin gclár seo a aithníonn diminsean aifeachtach den chognaíocht, chomh fada agus a bhaineann le timthriall taighde an mhúinteoireachta/mheasúnaithe.